Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**13026/20**

**BETREG 27**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12683/1/20 REV 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le boscaí gainimh rialála agus clásail turgnamhaíochta mar uirlisí le haghaidh creat rialála athléimneach atá fabhrach don nuálaíocht, a bheidh slán i bhfad na haimsire agus a sháróidh dúshláin shuaiteacha sa ré dhigiteach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir le boscaí gainimh rialála agus clásail turgnamhaíochta mar uirlisí le haghaidh creat rialála athléimneach atá fabhrach don nuálaíocht, a bheidh slán i bhfad na haimsire agus a sháróidh dúshláin shuaiteacha sa ré dhigiteach, mar a glacadh le nós imeachta i scríbhinn iad an 16 Samhain 2020.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le boscaí gainimh rialála agus clásail turgnamhaíochta mar uirlisí le haghaidh creat rialála athléimneach atá fabhrach don nuálaíocht, a bheidh slán i bhfad na haimsire agus a sháróidh dúshláin shuaiteacha sa ré dhigiteach**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. MEABHRAÍTEAR DI i gConclúidí mhí Feabhra 2020[1] uaithi inar CHUIR SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil Rialáil Níos Fearr ar cheann de na nithe is mó a spreagann fás cuimsitheach inbhuanaithe, a chothaíonn iomaíochas, nuálaíocht, digiteáil agus cruthú post, a chuireann le trédhearcacht agus a áirithíonn tacaíocht an phobail do reachtaíocht an Aontais; agus inar ATHDHEARBHAIGH SÍ gur gá a áirithiú go mbeidh an rialáil a dhéanann an tAontas Eorpach trédhearcach, simplí agus go ndéanfar í ar an gcostas is lú is féidir agus go gcuirfear san áireamh i gcónaí gur gá go mbeadh leibhéal ard cosanta ann do thomhaltóirí, fostaithe, sláinte, an aeráid agus an comhshaol. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tiomantas na hionstraimí rialála is éifeachtúla, amhail comhchuibhiú agus aitheantas frithpháirteach[2], a chur chun cinn.

2. CUIREANN SÍ I dTREIS, go háirithe ionas go mbeidh an tAontas in ann teacht ar ais agus é níos láidre i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, a raibh mórthionchar aici ar fhormhór na ngnólachtaí san Aontas, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), lena n-áirítear micrifhiontair mar aon le gnólachtaí nuathionscanta, agus roinnt mhaith díobh i mbaol dul as gnó dá barr, nach mór creat rialála an Aontais a bheith chomh hiomaíoch, éifeachtach, éifeachtúil, comhleanúnach, intuartha, fabhrach don nuálaíocht, slán i bhfad na haimsire, inbhuanaithe agus athléimneach agus is féidir. Ní mór dó a bheith bunaithe ar fhianaise agus ní mór dó saoránaigh agus gnólachtaí araon a chosaint agus tacaíocht a thabhairt dóibh i gcomhthéacs na haidhme margadh aonair lánfheidhmiúil a bheith ag an Aontas gan ualaí nua nach bhfuil gá leo a fhorchur agus ualaí atá ann cheana nach bhfuil gá leo a laghdú ag an am céanna.

---

[1] 6232/20.

[2] Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, pointe 47.

3. MEABHRAÍTEAR DI prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, chomh maith le prionsabal an réamhchúraim, agus na conclúidí uaithi i mí na Bealtaine 2016[3] inar CHUIR SÍ I bhFÁTH gur cheart 'Prionsabal na Nuálaíochta' a chur i bhfeidhm agus beartais nó bearta rialála an Aontais á meas, á bhforbairt nó á dtabhairt chun dáta, prionsabal arb éard atá i gceist leis go gcuirfí san áireamh an tionchar ar thaighde agus ar nuálaíocht mar chuid de phróiseas forbartha agus athbhreithnithe na rialála i ngach réimse beartais; inar IARR SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gné na rialála atá fabhrach don nuálaíocht agus a bheidh slán i bhfad na haimsire a áireamh mar chuid dá bplé maidir leis an rialáil a dhéantar cheana faoi chuimsiú REFIT; agus inar IARR SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dea-chleachtais a phlé agus a mhalartú maidir leis an gcaoi ar féidir an rialáil a bheith níos sláine i bhfad na haimsire agus níos fabhraí don taighde agus don nuálaíocht, lena n-áirítear deiseanna don turgnamhaíocht agus don tsolúbthacht. MEABHRAÍTEAR DI an Malartú Dea-Chleachtais a d'eagraigh Uachtaránacht Mhálta ar an gComhairle in 2017, a léirigh go mbreathnaíonn a lán Ballstát cheana féin ar thurgnamhaíocht agus ar uirlisí eile a bhaineann leis an nuálaíocht agus beartais á gceapadh acu[4].

4. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur eilimintí tábhachtacha iad an tsolúbthacht agus an turgnamhaíocht le haghaidh creat rialála atá sofhreagrúil, fabhrach don nuálaíocht, slán i bhfad na haimsire, bunaithe ar fhianaise agus athléimneach lena gcothaítear iomaíochas, fás, inbhuaine, foghlaim rialála chomh maith le ceannasacht agus ceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa, agus lena gcabhraítear le suaitheadh sistéamach agus dúshláin shuaiteacha fhadtéarmacha a bheidh ann amach anseo a shárú.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-úsáidtear boscaí gainimh go minic anois i réimse earnálacha, mar shampla i réimsí a bhaineann le hairgeadas, sláinte, seirbhísí dlí, eitlíocht, iompar, lóistíocht chomh maith le fuinneamh, go minic áirítear air sin úsáid teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn – amhail intleacht shaorga (AI) agus blocshlabhra/teicneolaíochtaí mórleabhar dáilte (DLT) – nó úsáid nuálach a bhaint as teicneolaíochtaí atá ann cheana[5].

---

[3] 9580/16.
[4] WK 6474/2017.
[5] Attrey, A., Lesher, M. agus Lomax, C., *The role of sandboxes in promoting flexibility and innovation in the digital age* [Ról na mBoscaí Gainimh chun an tsolúbthacht agus an nuálaíocht a chur chun cinn sa ré dhigiteach], Sraith straitéisí *Going Digital*, Nóta Beartais 2, 2020.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an staidéar a thacaíonn leis an meastóireacht eatramhach ar phrionsabal na nuálaíochta a d'ullmhaigh an Coimisiún in 2019, inar cuireadh chun suntais nach mór feabhas a chur ar áisiúlacht an Aontais ó thaobh nuálaíochta de trí chur chuige an Choimisiúin maidir le ceapadh rialála turgnamhaí a neartú, lena n-áirítear boscaí gainimh rialála[6]. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go luaitear i dTuarascáil 2020 ón gCoimisiún maidir le Feidhmíocht Eolaíochta, Taighde agus Nuálaíocht go n-éilítear freisin bealaí cur chuige nach bhfuil chomh traidisiúnta céanna maidir le rialáil agus beartas, amhail boscaí gainimh rialála, chun dlús a chur leis an bhforbairt theicneolaíoch[7].

7. AITHNÍONN SÍ gur fhógair an Coimisiún ina Theachtaireacht dar teideal *SME Strategy for a sustainable and digital Europe* [Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach] go ndéanann sé na Ballstáit a spreagadh tograí a fhorbairt le haghaidh boscaí gainimh rialála trí scéim phíolótach a sheoladh[8]. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil bosca gainimh uile-Eorpach rialála don bhlocshlabhra, a bheidh oibríochtúil in 2021/22, beartaithe ag an gCoimisiún i gcomhar leis an gComhpháirtíocht Eorpach um Blocshlabhra. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcuidíonn Ard-Stiúrthóireacht na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach de chuid an Choimisiúin leis an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha chun tacú le boscaí gainimh rialála sa Ghréig, san Eastóin agus sa Pholainn[9].

8. FEICTEAR DI gur creataí nithiúla iad boscaí gainimh rialála lena gcumasaítear, trí chomhthéacs struchtúrtha a thabhairt don turgnamhaíocht, i gcás inarb iomchuí i bhfíorthimpeallacht, chun tástáil a dhéanamh ar theicneolaíochtaí, táirgí, seirbhísí nó bealaí cur chuige nuálacha – i láthair na huaire go háirithe i gcomhthéacs na digiteála – ar feadh tréimhse theoranta agus i gcuid theoranta d'earnáil nó de réimse faoi mhaoirseacht rialála lena n-áirithítear go bhfuil cosaintí iomchuí i bhfeidhm[10].

---

6 https://ec.europa.eu/info/publications/study-supporting-interim-evaluation-innovation-principle_ga.

7 https://ec.europa.eu/info/publications/science-research-and-innovation-performance-eu-2020_ga.

8 6783/20 (COM(2020)103).

9 Parenti, R., *Regulatory Sandboxes and Innovation Hubs for FinTech* [Boscaí Gainimh Rialála agus Moil Nuálaíochta don Teicneolaíocht Airgeadais], Staidéar a rinneadh don Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg 2020.

10 An Coimisiún Eorpach, UIRLIS #21. *Research & Innovation, Better Regulation Toolbox* [Taighde & Nuálaíocht, Bosca Uirlisí um Rialáil Níos Fearr]; An Coimisiún Eorpach; 6783/20 (COM(2020)103).

9. TUIGEANN SÍ na clásail turgnamhaíochta mar fhorálacha dlíthiúla lena gcumasaítear do na húdaráis a bhfuil sé de chúram orthu an reachtaíocht a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú leibhéal áirithe solúbthachta a fheidhmiú de réir an cháis maidir le teicneolaíochtaí, táirgí, seirbhísí nó bealaí cur chuige nuálacha a thástáil[11]. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbíonn na clásail turgnamhaíochta go minic ina mbunús dlí do bhoscaí gainimh rialála, agus go mbaintear úsáid astu cheana féin i reachtaíocht an Aontais agus sna creataí dlíthiúla atá ag a lán Ballstát.

10. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur féidir le boscaí gainimh rialála an deis a thabhairt chun rialáil a chur chun cinn trí fhoghlaim réamhghníomhach rialála, ionas go mbeidh rialtóirí in ann eolas rialála níos fearr a fháil agus teacht ar na modhanna is fearr chun nuálaíochtaí a rialáil bunaithe ar fhíorfhianaise, go háirithe ag céim an-luath, a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach go háirithe i bhfianaise a lán neamhchinnteachta agus dúshláin shuaiteacha, agus nuair a bhíonn beartais nua á n-ullmhú.

11. CUIREANN SÍ I dTREIS gur féidir le boscaí gainimh rialála deiseanna suntasacha, go háirithe ó thaobh nuálaíochta agus fáis de, a chur ar fáil do gach gnólacht, go háirithe FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair agus gnólachtaí nuathionscanta, san earnáil tionsclaíochta, seirbhísí agus in earnálacha eile.

12. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór do na boscaí gainimh agus clásail turgnamhaíochta cur chun feidhme prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, chomh maith le prionsabal an réamhchúraim, a urramú agus a chothú i gcónaí. Ní mór ardleibhéal cosanta a áirithiú i gcónaí do shaoránaigh, tomhaltóirí, fostaithe, don tsláinte, don aeráid agus don chomhshaol, *inter alia*, chomh maith le deimhneacht dhlíthiúil, cobhsaíocht airgeadais, cothrom na Féinne agus iomaíocht chóir agus ní mór na leibhéil chosanta atá ann cheana a urramú.

13. Maidir le clásail turgnamhaíochta:

   a) MOLANN SÍ don Choimisiún leanúint de mhachnamh a dhéanamh ar chlásail turgnamhaíochta a úsáid de réir an cháis agus reachtaíocht á dréachtú agus á hathbhreithniú, agus meastóireacht a dhéanamh ar chlásail turgnamhaíochta a úsáid i meastóireachtaí *ex post* agus i seiceálacha oiriúnachta;

---

[11] An Coimisiún Eorpach, UIRLIS #21. Taighde & nuálaíocht, Bosca Uirlisí um Rialáil Níos Fearr, pointe 1 maidir le clásail turgnamhaíochta, lch. 151.

b) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur féidir le clásail turgnamhaíochta a bheith tábhachtach i roinnt tograí reachtacha atá ann faoi láthair agus atá le teacht;

c) TACAÍONN SÍ leis an mBord um Ghrinnscrúdú Rialála leanúint de sheiceáil a dhéanamh go dtabharfar aird chuí ar thionchar na rialála ar an nuálaíocht, a d'fhéadfadh a áireamh, i measc rudaí eile, úsáid na gclásal turgnamhaíochta, agus grinnscrúdú ar mheasúnuithe tionchair, meastóireachtaí agus seiceálacha oiriúnachta á dhéanamh;

d) CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil rún aici measúnú a dhéanamh ar chlásail turgnamhaíochta a áireamh agus tograí reachtacha á bplé;

e) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún forléargas a chruthú maidir leis na príomhchlásail turgnamhaíochta atá i ndlí an Aontais cheana;

f) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún réimsí beartais agus rialacháin a shainaithint ina bhféadfadh clásail bhreise turgnamhaíochta cabhrú chun an nuálaíocht a chothú agus an rialáil a chur chun cinn; MOLANN SÍ don Choimisiún dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí i ndáil leis an méid sin, mar shampla tríd an ardán "Réidh don Todhchaí" nó trí chomhairliúcháin spriocdhírithe.

14. Maidir le boscaí gainimh rialála: IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, malartú faisnéise agus dea-chleachtas a eagrú i ndáil leis na boscaí gainimh rialála idir na Ballstáit agus é féin chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) forléargas a thabhairt ar staid na himeartha maidir le boscaí gainimh rialála a úsáid san Aontas;

b) taithí a shainaithint maidir le bunús dlí agus cur chun feidhme na mboscaí gainimh rialála, agus maidir le meastóireacht a dhéanamh orthu;

c) anailís a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir rannchuidiú le ceapadh beartas bunaithe ar fhianaise ar leibhéal an Aontais trí fhoghlaim ó bhoscaí gainimh rialála ar an leibhéal náisiúnta.

15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuarascáil ar dhul chun cinn a chur i láthair maidir leis an malartú faisnéise agus dea-chleachtas sin i ndáil le boscaí gainimh rialála chomh maith leis an bhforléargas ar na clásail turgnamhaíochta atá i ndlí an Aontais cheana sa chéad leath de 2021 chun go mbeifear in ann an t-ábhar a phlé sa Mheitheal um Rialáil Níos Fearr faoi Uachtaránacht na Portaingéile ar an gComhairle; agus na torthaí deiridh agus an anailís a chur i láthair mar aon le moltaí praiticiúla maidir le húsáid fhéideartha boscaí gainimh rialála agus clásal turgnamhaíochta amach anseo san Aontas agus ar leibhéal an Aontais sa dara leath de 2021 chun go mbeifear in ann iad a phlé agus obair leantach a dhéanamh orthu sa Mheitheal um Rialáil Níos Fearr faoi Uachtaránacht na Slóivéine ar an gComhairle.